



Bloc K3
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: (01) 6294 110
Ephost: eolas@foras.ie
www.foras.ie

Ciorclán 0001/2022

COVID-19: Uasdátú ar na socrúithe do Bhunscoileanna & scoileanna Speisialta Achoimre

[Cuir síos gonta ar PDF ar fáil anseo](#)

Is iad na príomhbhealaí chun COVID a sheachaint i scoileanna ná na cinn atá in úsáid go dtí seo: lámha a níochán, glanadh, aerú, masc a chaitheamh, spás idir daoine chomh maith agus is féidir agus tástáil antaigine. Tá deontas seolta chuig scoileanna chun an t-ábhar seo a cheannacht. Is féidir PPE a cheannacht d'fhoireann na scoile as an airgead seo.

Aerú

Tá eolas le fáil ar aerú ag <https://www.gov.ie/en/publication/ad236-guidance-on-ventilation-in-schools/>. Ní gá na fuinneoga a bheith oscailte chomh mór in aimsir fhuar chun aerú a chinntiú sa seomra ranga. Cinnteoidh sé seo cothromaíocht idir compord agus aerú le linn drochaimsire. Cabhróidh oscailt na bhfuinneoga go hiomlán roimh am scoile agus ag deireadh an lae le compord agus le haerú. Ciallóidh sé nach gá na fuinneoga a oscailt go hiomlán chun aerú maith a chinntiú agus na seomraí ranga in úsáid. Tá foireann ag an Roinn chun tacú ar an gceist seo ag Schools_Ventilation@education.gov.ie.

Páistí le COVID i mbunscoileanna

- Má cuirtear in iúl do Phríomhoide go raibh dalta sa scoil agus iad tógalach, iarratar ar Phríomhoidí téacs a sheoladh chuig na tuismitheoirí eile sa pod ag insint dóibh conas tástálacha Antaigine saor in aisce a fháil. Má tá níos mó ná PCR dearfach amháin i rang, is féidir tástálacha antaigine saor in aisce a eagrú don rang iomlán.
- Fón saor in aisce: 1800 110055 is féidir le tuismitheoirí tástálacha antaigine a ordú ag www.hse.ie/schooltest.
- **Is féidir le gach páiste sa pod/rang leanúint ag freastal ar scoil fad is nach bhfuil siomptóim acu agus nach bhfuil tástáil dearfach COVID 19 Antaigine nó PCR acu.**
- Ba cheart do phaistí le siomptóim COVID-19 fanacht sa bhaile, aonarú agus tástáil PCR a eagrú ar líne nó tríd an dochtúr.
- **Má tá dalta aitheanta mar dlúth-theagmhálaí ag an FFS ba cheart dóibh srian a chur ar a dteagmhálacha le daoine.**

Páistí le COVID i ranganna speisialta

Nuair a bhíonn cás dearfach i rang speisialta, tabharfaidh Sláinte Poiblí faoi mheasúnú riosca. Is é an sprioc atá leis an measúnú seo ná na chéad chéimeanna eile a roghnú.

Níor cheart do Phríomhoidí sna cásanna seo iarraidh ar thuistí tástáil antaigine a dhéanamh ach an gnáthchomhairle sláinte a leanúint.

Ionadaíocht d'Oidí

Seo a leanas an t-ord le leanúint do **gach** asláithreach:

- Painéal soláthair (má bhaineann)
- Gnáthliosta ionadaithe
- Subseeker &rl.
- Mic léinn – beidh go leor acu ar chleachtadh múinteoireachta go luath agus tá solúbthacht breise acu ionadaíocht a dhéanamh mar chuid den chleachtadh



Bloc K3
Campas Gnó Mhaigh Nuad
Maigh Nuad
Co. Chill Dara
Fón: (01) 6294 110
Ephost: eolas@foras.ie
www.foras.ie

- Príomhoide riaracháin agus oidí nach bhfuil rang acu

Beidh mic léinn sa 3ú / 4ú bliain cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus beidh siad in ann tabhairt faoi ionadaíocht agus **ní bhaineann an Rial 5 Lá.**

Má bhíonn deacrachtaí ag scoil teacht ar ionadaithe tar éis na céimeanna thuas a leanúint, iarrtar ar na scoileanna seo teagmháil a dhéanamh le cigire scoile ar covid19_alert@education.gov.ie nó 057 9324461. Beidh comhairle ar fáil Luan-Aoine 08.00-19.00 agus 14.00-19.00 ag an deireadh seachtaine. Ba cheart do scoileanna ranganna a choinneáil ar oscailt i gcónaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais acu atá ag freastal ar rang speisialta.

Iarrtar tús áite a thabhairt do na daltaí is óige i gcás gnáthranganna toisc nach mbíonn siad in ann dul i ngleic leis an gciánfhoghlaim chomh éifeachtacht céanna le daltaí níos sine.

Maidir le hoidí atá ag féin-aonrú ach atá ag mothú go maith ba chóir don oide sin cianfhoghlaim a chur ar siúl. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh cianfhoghlaim a chur ar fáil do ranganna nach bhfuil i láthair ar shuíomh na scoile.

Leanfaidh an clár maidir le Cleachtadh Múinteoireachta ar aghaidh ach beidh na mic léinn ar fáil freisin chun tacú le scoileanna eile:

a) Nuair a bheidh an mac léinn ar chleachtadh múinteoireachta i scoil atá mar chuid de phainéal soláthair, beidh an mac léinn ar fáil tacú le scoileanna atá mar chuid den phainéal soláthair sin.

b) Nuair atá an mac léinn ar chleachtadh múinteoireachta i scoil nach bhfuil mar chuid de phainéal soláthair, beidh an mac léinn ag clárú le *designated portal* chun go mbeidh siad ar fáil tacú le scoileanna eile sa cheantar sin.

Beidh mic léinn íoctha don obair a dhéanfaidh siad i rith an tréimhse chleachtadh múinteoireachta.

Aon cheist eile:

Líne/rphost cabhrach na Roinne:

Do cheisteanna bainteach le hionadaithe, cúrsaí oideachais nó riaradh scoile le linn COVID covid19_alert@education.gov.ie nó 057 932446. Beidh comhairle ar fáil Luan-Aoine 08.00-19.00 agus 14.00-19.00 ag an deireadh seachtaine.

Líne Chabhrach HSE do Phríomhoidí

Má bhíonn ceist maidir le cásanna deimhnithe Covid-19, bain úsáid as an líne cabhrach ar **(01) 240 8785**. Beidh tacaíocht ar fáil gach lá, ó 8am go 4.30pm Luan go hAoine agus ó 10am go 4.30pm ag an deireadh seachtaine.